www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Leictreachas, Tonnta agus Cumarsáid
## Modúl 5

### Ardsraith

**[GSC52]**

**DÉ LUAIN 14 SAMHAIN 2011**
**1.30 pm–2.15 pm**

GSC52

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


1 Tá dineamó rothair in úsáid i bhfiosrúchán lena fháil amach cad é mar atá an méid srutha a tháirgtear ag brath ar an luas faoina mbíonn maighnéad ag rothlú.




Tá torthaí an fhiosrúcháin anseo thíos.

| Luas maighnéid/r.s.n. | Sruth a tháirgtear/mA |
|---|---|
| 0 | 0 |
| 20 | 2.2 |
| 30 | 3.4 |
| 40 | 4.4 |
| 50 | 5 |
| 60 | 5 |
| 70 | 5 |

**(a)** Breac na pointí agus tarraing líneghraf ar an eangach seo thíos.




[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** **(i)** Luaigh ina iomláine an tátal is féidir a bhaint ó na torthaí seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh an éifeacht a bheadh ann ar mhéid an tsrutha a tháirgfí:

- dá mbeadh maighnéad níos laige in úsáid.

______________________________________________________________ [1]

- dá mbeadh níos mó cornaí sreinge in úsáid.

______________________________________________________________ [1]

**(c)** Daichead bliain ó shin bhíodh na soilse ar rothar á gcumhachtú ag dineamó cosúil leis an cheann a bhí in úsáid san fhiosrúchán seo.

Luaigh agus mínigh cad chuige ar cuireadh soilse atá á gcumhachtú ag cadhnra in áit soilse a bhíodh á gcumhachtú ag dineamó.

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Taispeánann an graf thíos cad é mar a d'athraigh leibhéal na radaíochta ultraivialaite (UV) le linn gnáthlá samhraidh agus gnáthlá geimhridh. Caithfear an craiceann a chosaint os cionn 3 aonad UV.




**(a)** Bain úsáid as an fhaisnéis lena lua cad chuige a ndíoltar níos mó grianscagaire (cosaint ar an ghrian) sa samhradh.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Is cuid amháin den speictream leictreamaighnéadach í radaíocht UV agus is trastonnta iad na tonnta leictreamaighnéadacha uilig.

**(i)** Cuir síos ina hiomláine ar ghluaiseacht na gcáithníní i dtrastonn.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas a bheith ina dtrastonnta, luaigh **dhá** ghné atá i gcoiteann ag na tonnta leictreamaighnéadacha uilig.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Seachas trastonnta, ainmnigh cineál amháin eile toinne.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Is féidir an gléas seo thíos a úsáid le fad seomra a thomhas.




*© Digiflex Ltd*

Táirgeann sé tonnta ultrafhuaime agus tógann sé an t-am a ghlacann an tonn le dul go dtí an balla agus ar ais arís.

**(a)** Cuir síos ina iomláine ar cad chuige nach dtig linn na tonnta a tháirgeann an gléas tomhais seo a chluinstin.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Glacann comhartha 0.04 s le dul ó bhalla amháin i seomra go dtí balla eile agus ar ais arís. Is é 330 m/s luas fuaime in aer.

Bain úsáid as an chothromóid:

$$\text{fad} = \text{luas} \times \text{am}$$

leis an fhad idir an dá bhalla seo a ríomh.

Fad ______________________ m [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**(c)** Úsáidtear ultrafhuaim agus X-ghathanna araon le corp an duine a scanadh.
Mínigh ina iomláine cad chuige a n-úsáidtear ultrafhuaim de rogha ar X-ghathanna le mná torracha a scanadh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**4** Taispeánann an léaráid seo thíos cuid de na comhchodanna i gcumhachtstáisiún atá á chumhachtú le breosla iontaise.




*© CCEA GCSE Single Award in Science Foundation Tier by A McFarland, C Murphy & J Napier, published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340974728 Reproduced by permission of Hodder Education.*

**(a)** Cuir síos ina iomláine ar an phríomh-athrú fuinnimh a tharlaíonn taobh istigh de gach comhchuid ainmnithe thuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Síleann daoine áirithe gur ceart stáisiúin núicléacha seachas stáisiúin atá á gcumhachtú ag breosla iontaise a thógáil amach anseo.

Cuir síos ina n-iomláine ar na buntáistí don timpeallacht a bhaineann leis an tuairim seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an pictiúr thíos lasc rialaithe airde ar ghiotár leictreach. Rialaíonn an lasc an méid srutha a bhíonn ag sreabhadh go dtí an t-aimplitheoir a tháirgeann an fhuaim.




*© Tone Deaf Music*

**(a)** **(i)** Bain úsáid as do chuid eolais ar fhriotóirí inathraithe lena mhíniú cad é mar atá an sruth atá ag dul go dtí aimplitheoir á rialú ag an fhad sreinge taobh istigh den chomhchhuid seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Seachas fad sreinge, luaigh **dhá** thoisc eile a mbíonn éifeacht acu ar an fhriotaíocht.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Ríomh an sruth atá ag sreabhadh go dtí aimplitheoir 30 W atá ceangailte den phríomhlíonra 230 V.

Bain úsáid as an chothromóid:


$$\text{cumhacht} = \text{voltas} \times \text{sruth}$$

Sruth ____________________ A [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Súil an duine atá sa léaráid seo thíos.



Tá fadradharc agus aistiogmatacht ar dhá cheann de na fadhbanna coitianta a bhaineann le radharc na súl.

**(a) (i)** Cuir síos ar an chúis le fadradharc agus mínigh ina hiomláine an éifeacht a bhíonn aige.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(ii)** Mínigh ina iomláine cad é mar is féidir fadradharc a cheartú.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(b) (i)** Cad é is cúis le haistiogmatacht?

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh an dóigh a ndéanfadh radharceolaí seiceáil le haghaidh aistiogmatachta.

______________________________


______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid thíos ionscóp á úsáid i máinliacht mionchró. Úsáidtear snáithíní optúla in ionscóp.




© GCSE Single Award Science for CCEA by T Laverty, J Napier & R White, published by Hodder Education, 2006. ISBN 9780340926000. Reproduced by permission of Hodder Education.

Cuir síos ina hiomláine ar an dóigh a n-astaíonn snáithíní optúla solas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.